C/2025/4510

8.8.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12018 — KKR / TOPCON)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/4510)

1. An 31 Iúil 2025 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— KKR & Co. Inc. ('KKR'), na Stáit Aontaithe,

— Topcon Corporation ('Topcon'), an tSeapáin.

Gheobhaidh KKR rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Topcon.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin tairiscint táthcheangail phoiblí dheonach.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Gnólacht infheistíochta domhanda is ea KKR a sholáthraíonn réitigh i ndáil le bainistiú sócmhainní malartacha, margaí caipitil agus árachas,

— Is forbróir, monaróir agus soláthróir trealaimh agus bogearraí é Topcon in dhá phríomhlíne ghnó: (i) córais suite le haghaidh custaiméirí in earnáil an bhonneagair agus in earnáil na talmhaíochta; agus (ii) cúram súl le haghaidh custaiméirí cúraim sláinte.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]) ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12018 — KKR / TOPCON

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.